

LÉARGAS TURASÓIREACHTA

Le Maoiniú Píolótach



Fáilte Ireland ó
National Tourism Development Authority

UNIT 1 - RÉAMHEOLAS AR THURASÓIREACHT NA HÉIREANN

LEABHAR OIBRE AN MHIC LÉINN

Arna fhorbairt ag an Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí, i gcomhar le hInstitiúid Aíochta na hÉireann

Réamhrá

Sé do bheatha agus fáilte romhat go dtí an leabhar oibre seo do mhic léinn, atá ceaptha le tacú leat ar do thuras trí aonad ar líne Léargas Turasóireachta. Is comhthionscadal é Léargas Turasóireachta idir Fáilte Ireland, Institiúid Aíochta na hÉireann agus an Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí. Is é príomhaidhm an tionscadail ina iomláine réamheolas a thabhairt do dhaoine óga ar earnáil turasóireachta agus aíochta na hÉireann agus eolas a thabhairt dóibh ar bhealaí a d'fhéadfadh siad a ghabháil san earnáil maidir le gairm agus le hoideachas. In aonad a haon tugaimid duit ar dtús eolas cúlra agus figiúirí a chuideoidh leat, tá súil againn, tuiscint a fháil ar an earnáil, agus a spreagfaidh thú machnamh ar an earnáil mar ghairm fhéideartha. Ag tógáil air seo, is iad na torthaí foghlama d'aonad a haon:

1. Eolas a fhorbairt ar chuid de na foinsí eolais le haghaidh staitisticí turasóireachta
2. Tuiscint a fhorbairt ar a thábhachtaí is atá turasóirí ó thar lear do gheilleagar na hÉireann
3. A thuiscint cad é an réimse gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ag turasóirí
4. Thú a spreagadh machnamh a dhéanamh ar a bhfuil ag do cheantar/contae féin a mheallfaidh turasóirí

An acmhainn ar líne agus an leabhar oibre a úsáid

Tá an t-aonad seo ceaptha ionas gur féidir meascán den acmhainn ar líne agus an leabhar oibre a úsáid le hoibriú tríd. Tríd an aonad tá roinnt gníomhaíochtaí ann atá ceaptha le tacú le d'fhoghlaim agus molaimid duit, mar sin, tabhairt faoi na gníomhaíochtaí seo.

Do bhealach a dhéanamh tríd an Aonad Ar Líne

Le dul chun tosaigh cliceáil ar 'AR AGHAIDH >' agus le dul siar cliceáil ar '< ROIMHE' sa chúinne thíos ar dheis.

Chomh maith leis sin tá 'Roghchlár' ann sa chúinne thuas ar dheis. Má chliceálann tú air seo gheobhaidh tú roghchlár anuas ónar féidir leat ceann ar bith de na leathanaigh is mian leat a roghnú.

Tá rogha eile ann, 'Acmhainní', sa chúinne thuas ar dheis. Nuair a chliceálann tú ar seo gheobhaidh tú nasc go dtí doiciméad PDF.

Nuair is gá treorófar thú go dtí gníomhaíocht sa leabhar oibre seo.

Gníomhaíocht - Margaí Éagsúla

Maidir le turasóirí a mhealladh tá sé tábhachtach cuimhneamh air nach bhfuil sé oiriúnach an cur chuige céanna a bheith ann do chách.

Breathnaigh ar na físeáin ar an sleamhnán dar teideal "What Did We Promise Them?" - fiafraigh díot féin cad atá na físeáin a thairiscint do na turasóirí éagsúla?

AN GHEARMÁIN

AN BHREATAIN

MEIRICEÁ

ÉIRE

Gníomhaíocht - Scéalchlár

Samhlaigh gur tugadh coimisiún duit físeán a dhéanamh a mheallfaidh turasóirí go dtí do cheantar le cuidiú le fiontair áitiúla. Déan scéalchlár le ceithre áit inspéise ar a laghad i do cheantar a bheidh san fhíseán - smaoinigh ar an teachtaireacht atá tú ag iarraidh a chur in iúl?

Gníomhaíocht – Cuairteoirí ó Thar Lear de réir Contae

Úsáid an doiciméad a chuirtear ar fáil ó Fháilte Ireland sa táb 'acmhainní' leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

1. Cad é an líon iomlán turasóirí a bhí i do chontae?

2. Seachas Baile Átha Cliath, cén contae a raibh an líon is mó cuairteoir ó Mheiriceá Thuaidh ann?

3. Cén contae a raibh an líon is lú cuairteoirí ó thar lear ann?

4. Cad é an líon iomlán cuairteoirí ón mBreatainn a bhí i gContae na Gaillimhe, i gContae Ros Comáin agus i gContae Mhaigh Eo?

5. Cén staitistic ón tábla a chuir iontas ort agus cén fáth?

[Nuair a bheidh an doiciméad ó Fháilte Ireland léite agat cliceáil ar ais go dtí táb Léargas Turasóireachta]

Gníomhaíocht - Do Réigiún/Contae

Tar éis duit an t-eolas a fháil ó na naisc freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a fuair turasóirí amach faoin réigiún/contae seo ar dtús?

2. Cén fáth ar roghnaigh siad an réigiún/contae seo?

3. Nuair a bhí siad sa réigiún/contae cén áit a bhfuair siad eolas?

4. Cén ghné den chuairt a mheas siad a bheith ar an eispéireas ab fhearr ar fad, agus cén scór a thug siad?

5. Cad iad an dá rud a rinne daoine ba mhó a thaitin leo nuair a bhí siad sa réigiún/contae?

6. Ainmnigh rud amháin a chuir iontas ort ó na figiúirí.

[Nuair a bheidh an doiciméad ó Fháilte Ireland léite agat cliceáil ar ais go dtí táb Léargas Turasóireachta]

Gníomhaíocht - tráth ceisteanna ar nithe is díol spéise do chuirteoirí iad

Leis na seacht gceist san aonad ar líne maidir leis na rudaí inspéise seo a leanas a fhreagairt beidh ort cliceáil ar na naisc i ngach sleamhnán ceiste atá i mbosca dar teideal 'NAISC RIACHTANACHA'. Ná cliceáil ar na freagraí féideartha, le do thoil, go dtí bhfuil na suíomhanna gréasáin cíortha agat. Is é príomhaidhm na gríomhaíochta réamheolas a thabhairt duit ar na nithe inspéise, seachas thú a thástáil.

Caisleán na Blarnan

Leabhar Cheanannais

Stórtreach Guinness

Príosún Chill Mhaighneann

Aillte an Mhothair

Páirc Tayto

An tIonad Náisiúnta

Ard-Eaglais Phádraig

Uisce

Páirc Dúlra Fhóite

Zú Bhaile Átha Cliath

Tabhair do d'aire: Níl aon fhuaimrian sa tráth ceisteanna

“Maith thú, tá aonad 1 den chlár seo déanta agat; téigh ar aghaidh go haonad 2 le do thoil.”